**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 230/2022**

**an 23 Meán Fómhair 2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I (Ábhair thréidliachta agus fíteashláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/759]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Treoir Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2171 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena leasaítear Treoir 66/402/CEE ón gComhairle maidir le luchtóg síl agus meáchain shamplacha *Avena nuda* ([1]), tá sí le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Is le reachtaíocht maidir le cúrsaí fíteashláintíochta a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí fíteashláintíochta, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a leathnófar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 3 (Treoir 66/402/CEE ón gComhairle) i gCuid 1 de Chaibidil III d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘— **32021 L 2171**: Treoir Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2171 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 (IO L 438, 8.12.2021, lch. 84).’

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Threoir Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2171 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha. *

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 438, 8.12.2021, lch. 84.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

Kristján Andri STEFÁNSSON